Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2026 (OR. en)**

**10588/26**

**CLIMA 332**
**ENV 740**
**TRANS 423**
**MI 642**
**CODEC 1190**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 3922 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 12.6.2026 lena leasaítear agus lena gceartaítear Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na sonraí a bhfuil faireachán, tuairisciú agus foilsiú le déanamh orthu |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 3922 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 3922 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.6.2026
C(2026) 3922 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 12.6.2026**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na sonraí a bhfuil faireachán, tuairisciú agus foilsiú le déanamh orthu**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an nGníomh Tarmligthe seo, leasaítear Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] chun a áirithiú go ndéanann na Ballstáit, monaróirí agus eintitis eile sonraí breise a thuairisciú, nach gcuirtear faisnéis íogair áirithe ar fáil go poiblí, agus go sonraítear gnéithe áirithe den phróiseas tuairiscithe le haghaidh seirbhísí teicniúla.

Go sonrach, déantar foráil ann maidir le leasuithe a bhfuil gá leo tar éis an leathnaithe a rinneadh ar raon feidhme Rialachán (AE) 2019/1242 chuig grúpaí nua mótarfheithiclí agus leantóirí le Rialachán (AE) 2024/1610 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], mar aon leis an leasú a rinneadh ar Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún[3] le Rialachán (AE) 2025/258 ón gCoimisiún[4] agus an leasú atá ar na bacáin[5] ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún[6] lena ndéanfar foráil maidir le teicneolaíochtaí feithiclí nua tromshaothair, ar leasú é atá beartaithe in éineacht leis an nGníomh seo.

Sa chomhthéacs sin, tugtar isteach leis an nGníomh Tarmligthe seo roinnt leasuithe a bhfuil gá leo, go háirithe chun astaíochtaí tagartha leantóirí agus busanna a bhunú go hiomchuí ar bhonn na sonraí faireacháin le haghaidh thréimhse thuairiscithe 2025 (i.e. lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026), chun Rialachán (AE) 2019/1242 a chur chun feidhme.

---

1 Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 202, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1242/oj).

2 Rialachán (AE) 2024/1610 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí CO2 le haghaidh feithiclí nua tromshaothair a neartú agus oibleagáidí tuairiscithe a chomhtháthú, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/956 (IO L, 2024/1610, 6.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1610/oj).

3 Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2017 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla feithiclí tromshaothair a chinneadh agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún (IO L 349, 29.12.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2400/oj).

4 Rialachán (AE) 2025/258 ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2400 a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla a chinneadh i gcás leoraithe meánmhéide agus leoraithe troma agus busanna troma agus le feithiclí a ritheann ar hidrigin agus ar theicneolaíochtaí nua eile a áireamh agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 a mhéid a bhaineann leis na rialacha is infheidhme maidir le hastaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla a chinneadh chun síneadh a chur le cineálcheadú AE (IO L, 2025/258, 20.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/258/oj).

5 Leantóirí tromshaothair – teicneolaíochtaí leantóra nua a chur san áireamh sa mhodheolaíocht um CO2 a chinneadh

6 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le feidhmíocht leantóirí tromshaothair maidir leis an tionchar atá acu ar astaíochtaí $CO_2$, ídiú breosla, ídiú fuinnimh agus raon tiomána astaíochtaí nialasacha mótarfheithiclí agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 (IO L 205, 5.8.2022, lch. 145, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1362/oj).

Thairis sin, déantar foráil maidir le tuairisciú faisnéise faoi mhonaróirí comhpháirteanna áirithe feithicle, ar faisnéis í is gá le haghaidh na coda measúnaithe riosca den fhíorú ar astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair inseirbhíse.

Cé gur tugadh isteach an tuairisciú a dhéanann seirbhísí teicniúla leis an leasú ar Rialachán (AE) 2019/1242 le Rialachán (AE) 2024/1610, ar seirbhísí iad dar ceadmhach tuairisciú a dhéanamh thar ceann monaróirí faoi choinníollacha áirithe, sa Ghníomh Tarmligthe seo, sonraítear gnéithe áirithe den phróiseas tuairiscithe le haghaidh seirbhísí teicniúla.

Leis an nGníomh Tarmligthe, ní thugtar isteach paraiméadair faireacháin nua ach amháin le haghaidh cineálacha sonracha feithiclí chun gur féidir iad a bhreithniú go hiomchuí i Rialachán (AE) 2019/1242, d'fhonn a áirithiú go leanfaidh na hoibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe de bheith comhréireach agus chomh héadrom agus is féidir. Trí pharaiméadair thuairiscithe áirithe a eisiamh ó fhoilsiú, áirithítear go gcoinneofar sonraí íogaire faoi chosaint.

Thairis sin, tugtar isteach ceartúcháin áirithe ar théacs Rialachán (AE) 2019/1242 chun feabhas a chur ar a shoiléireacht agus chun an próiseas tuairiscithe a éascú.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

D'iarr an Coimisiún aiseolas ó na páirtithe leasmhara ar na bealaí seo a leanas:

(a) Comhairliúchán le Grúpa Saineolaithe an Choimisiúin um fhorbairt agus cur chun feidhme beartais i ndáil le $CO_2$ ó fheithiclí bóthair, lena n-áirítear údaráis na mBallstát, monaróirí feithiclí, soláthróirí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ón 10 Nollaig 2025 go dtí an 19 Nollaig 2025.

(b) Comhairliúchán poiblí 4 seachtaine ar an Tairseach um Rialáil Níos Fearr 'Cloisimis Uait', ón 19 Márta 2026 go dtí an 16 Aibreán 2026; fuarthas sé bharúil mar thoradh ar an gcomhairliúchán.

Tugadh aird chuí ar na barúlacha a cuireadh isteach agus cuireadh san áireamh iad, de réir mar is iomchuí.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 14(2) pointí (a) agus (b), agus Airteagal 14(3), pointí (a) agus (b) de Rialachán (AE) 2019/1242, cumhachtaítear an Coimisiún chun an Gníomh Tarmligthe seo a ghlacadh.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.6.2026**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na sonraí a bhfuil faireachán, tuairisciú agus foilsiú le déanamh orthu**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle[7], agus go háirithe Airteagal 14(2), pointí (a) agus (b), agus Airteagal 14(3), pointí (a) agus (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 13a agus Iarscríbhinn IV de Rialachán (AE) 2019/1242, tá na Ballstáit le sonraí áirithe a thuairisciú maidir le gach feithicil nua tromshaothair a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin;

(2) Chun feabhas a chur ar shainaithint aonchiallach monaróirí feithiclí lánchríochnaithe de chatagóir M, ba cheart do na Ballstáit ainm agus aitheantóir monaróra domhanda (WMI) na monaróirí sin a thuairisciú;

(3) De bhun Airteagal 13b agus Iarscríbhinn IV de Rialachán (AE) 2019/1242, tá monaróirí le sonraí áirithe a thuairisciú maidir le gach feithicil nua tromshaothair a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin agus a ndearnadh ionsamhlú ina leith maidir le hastaíochtaí CO2 agus ídiú breosla;

(4) Chun soiléireacht níos fearr a áirithiú maidir leis an reachtaíocht, ba cheart ceannteideal a chur sa tábla lena sonraítear paraiméadair faireacháin bhreise i gCuid B d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 agus ba cheart nótaí míniúcháin a bheith ag gabháil leis lena soláthraítear treoraíocht maidir le cásanna áirithe;

(5) I gcomhthéacs an fhíoraithe ar astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair inseirbhíse, dá bhforáiltear le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2019/1242, tá an Coimisiún le measúnú riosca a dhéanamh maidir leis an roghnú feithiclí i gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/35 ón gCoimisiún[8]. Mar chuid den

[7] IO L 198, 25.7.2019, lch. 202, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1242/oj.

[8] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/35 ón gCoimisiún an 13 Eanáir 2025 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na nósanna imeachta maidir le fíorú inseirbhíse astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair a chinneadh (IO L, 2025/35, 14.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/35/oj).

mheasúnú sin, cinntear an riosca go mbeadh neamhréireacht i luachanna astaíochtaí $CO_2$ na bhfeithiclí ina bhfuil comhpháirteanna áirithe. Chuige sin, tá gá le faisnéis faoi na monaróirí agus faoi na comhpháirteanna sin chun na heiliminti a léirítear in Airteagal 3(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/35 a chomhlánú, ar faisnéis í ba cheart a chuimsiú, dá bhrí sin, sna sonraí tuairiscithe;

(6) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún[9] agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún[10], tá monaróirí le feidhmíocht mótarfheithiclí nua áirithe a chinneadh maidir lena n-astaíochtaí $CO_2$ agus a n-ídiú breosla, mar aon le feidhmíocht leantóirí nua áirithe maidir leis an tionchar atá acu ar astaíochtaí $CO_2$, ídiú breosla, ídiú fuinnimh agus raon tiomána astaíochtaí nialasacha mótarfheithiclí, agus ba cheart dóibh na sonraí sin a thuairisciú;

(7) I ngeall ar an leathnú a rinneadh le Rialachán (AE) 2024/1610 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] ar raon feidhme Rialachán (AE) 2019/1242 chuig grúpaí nua mótarfheithiclí agus leantóirí, chomh maith leis na hathruithe agus na teicneolaíochtaí nua a tugadh isteach i Rialachán (AE) 2017/2400 le Rialachán (AE) 2025/258 ón gCoimisiún[12] agus an leasú atá ar na bacáin ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362, tá gá le paraiméadair faireacháin bhreise áirithe chun faireachán leormhaith a áirithiú, ar faireachán é ba cheart a thuairisciú dá bhrí sin;

(8) Chun faireachán iomchuí a dhéanamh ar chineálacha speisialaithe áirithe feithiclí de chatagóir O mar chuid de chur chun feidhme Rialachán (AE) 2019/1242, ba cheart paraiméadair a thuairisciú chun na feithiclí sin a shainaithint agus a shaintréithriú;

(9) Is gá soiléiriú a dhéanamh ar ghnéithe áirithe den phróiseas tuairiscithe i gcomhréir le hAirteagal 13b de Rialachán (AE) 2019/1242 le haghaidh eintitis seachas monaróirí atá freagrach as astaíochtaí $CO_2$ feithicle tromshaothair a chinneadh agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a shonrú ar bhealach níos beaichte;

(10) Chun sonraí tráchtála íogaire de a chosaint, níor cheart paraiméadair áirithe sa chlár lárnach a chur ar fáil go poiblí;

---

[9] Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2017 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla feithiclí tromshaothair a chinneadh agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún (IO L 349, 29.12.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2400/oj).

[10] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le feidhmíocht leantóirí tromshaothair maidir leis an tionchar atá acu ar astaíochtaí $CO_2$, ídiú breosla, ídiú fuinnimh agus raon tiomána astaíochtaí nialasacha mótarfheithiclí agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 (IO L 205, 5.8.2022, lch. 145, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1362/oj).

[11] Rialachán (AE) 2024/1610 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí CO2 le haghaidh feithiclí nua tromshaothair a neartú agus oibleagáidí tuairiscithe a chomhtháthú, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/956 (IO L, 2024/1610, 6.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1610/oj).

[12] Rialachán (AE) 2025/258 ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2400 a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla a chinneadh i gcás leoraithe meánmhéide agus leoraithe troma agus busanna troma agus le feithiclí a ritheann ar hidrigin agus ar theicneolaíochtaí nua eile a áireamh agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 a mhéid a bhaineann leis na rialacha is infheidhme maidir le hastaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla a chinneadh chun síneadh a chur le cineálcheadú AE (IO L, 2025/258, 20.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/258/oj).

(11) Ós rud é go bhfuil dlúthbhaint ó thaobh substainte de idir ceanglais sonraí a chur le hIarscríbhinn IV agus le foilsiú nó neamhfhoilsiú na sonraí a thuairiscítear, chomh maith le sonraíocht na gceanglas tuairiscithe le haghaidh seirbhísí teicniúla, ba cheart leasuithe ar Chodanna A agus B araon d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 agus ar phointí 1, 2 agus 3.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin a mheas go comhpháirteach sa ghníomh céanna.

(12) Tá earráidí áirithe i gCuid C d'Iarscríbhinn IV agus i bpointí 1.1, 2.1 agus 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242, ar earráidí iad a dhéanann difear do shubstaint na bhforálacha sin. Ba cheart, dá bhrí sin, na hIarscríbhinní sin a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 a cheartú dá réir.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2019/1242 a leasú agus a cheartú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
**Leasú ar Rialachán (AE) 2019/1242**

Leasaítear Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*
**Ceartú Rialachán (AE) 2019/1242**

Ceartaítear Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*
**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12.6.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*